




Gaelscoil Thulach na nÓg

Plean scoile staire

Creatlach Pleanála: Stair

■ Teideal

Seo plan scoile le haghaidh an Stair i nGaelscoil Thulach na n-Óg. I nGaelscoil Thulach na n-óg, tá seacht múinteoirí ranga, príomhoide, múinteoir tacaíocht foghlamtha lánaimseartha, múinteoir tacaíocht foghlamtha roinnte (lonnaithe sa scoil náisiúnta i gCill Bhríde) agus múinteoir cabhair ranga.

■ Réamhráiteas

(a) Conas a cuireadh an plan le chéile agus cé bhí páirteach ann?

Bhí sé mar post freagrach ag Adrian an plan staire a dhreachtú. Déantar plé leis an príomhoide agus na múinteoirí ar an slí chun an plan staire a leagan amach. Tar éis dreachtú a dhéanamh ar an plan staire, tháinig na múinteoirí le chéile chun an plan scoile a chur le chéile. Ar an / / , tháinig , , , , , , le chéile chun an plan scoile a chur le chéile. Bhí an dréacht seo curtha ós comhair an bord bainistíochta agus glactar leis mar an plan scoile don stair ar an / / .

(b) Cén fáth go bhfuil gá leis an bplan seo?

Tá gá leis an bplan seo:

- chun tairbhe múinteoireachta agus foghlama in ár scoil
- chun cloí le prionsabail atá breactha síos sa churaclam bunscoile maidir leis an stair
- chun tuiscint leathan chothrom a fháil ar stair áitiúil, ar stair na hÉireann agus ar stair idirnáisiúnta trí staidéar a dhéanamh ar raon ciníocha, imeachtaí agus treimhsí.
- chun scileanna imscrúdaithe staire a fhorbairt agus a chleachtadh chomh fada is a bhaineann le croineolaíocht, cúis agus iarmhairt, athrú agus leanúnachas, úsáid fianaise, sintéisiú, cur in iúl, agus ionbhá.

■ Fís agus Aidhmeanna

(a) Fís - An plan i gcomhthéacs na scoile

An fís atá ag an scoil maidir leis an stair a mhúineadh ná eolas a thabhairt faoin am atá thart á shealbhú ag páistí ach go mbeadh taithí áirithe á fáil acu chomh maith ar an gcaoi a dtéann stairithe i mbun a gcuid oibre. Leis an gcuraclam staire a mhúineadh sa scoil, tá sé i gceist tuiscint leathan a fháil ar stair áitiúil, ar stair na hÉireann agus ar stair idirnáisiúnta. Déanfar múineadh na staire trí mheán na Gaeilge chun oideachas trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil do na páistí i ngach ábhar scoile is féidir.

(b) Aidhmeanna

Tá sé i gceist ag an scoil leis an bplan staire seo a chur i bhfeidhm:

- Spéis agus fiosracht a fhorbairt san am atá thart
- An páiste a chur ar an eolas faoi shaol ban, fir agus páistí san am atá thart agus cén chaoi ar imir daoine agus eachtraí tionchar ar a chéile
- Tuiscint a fhorbairt ar choincheapa an athraithe agus an leanúnachais
- Foráil a dhéanamh i gcóir choincheapa agus scileanna a bhaineann le hord, agus am agus croineolaíocht a aimsiú atá oiriúnach do chéimeanna forbartha an pháiste

- Deis a thabhairt don pháiste teagmháil le, agus úsáid a bhaint as, réimse fhianaise stairiúil go sistéamach agus go géarchúiseach
- Deiseanna a thabhairt don pháiste fionnachtana agus mínithe stairiúla a léiriú ar bhealaí éagsúla
- Aitheantas a chothú i dtaobh caomhnú agus athrú laistigh de thimpeallachtaí aitiúla agus timpeallachtaí eile
- Cabhrú leis an bpáiste tionchar na staire ar mheon agus ar iompar aos na linne seo a aithint agus a scrúdú
- Toil a chothú, chun tuairimí agus luachanna pearsanta a scrúdú agus chun oscailteacht a chur chun cinn i dtaobh na féidireachtaí atá ann barúil an duine a athrú
- Spreagadh a thabhairt don pháiste aithint cén chaoi a bhféadfadh gníomhartha, eachtraí agus ábhair ón am atá thart agus ón lá atá inniu ann a bheith suntasach ó thaobh na staire de
- Cur ar chumas an pháiste tuiscint chothrom a fháil ar oidhreachtaí cultúrtha agus stairiúla ó chomhthéacsanna áitiúla, náisiúnta agus domhanda

■ Pleanáil Curaclaim

1. Snáitheanna agus Snáithaonaid

Naíonán Shóisir – Rang a dó

Naíonán Shóisir

Mise agus mo mhuintir:

Mise:

- Tomhas lámh féin agus lámh babaí/ comparáid idir lámh féin agus lámh babaí
- Pictúir dóibh féin : Comparáid a dhéanamh idir iad féin agus pictúir do babaí
- An Teaghlach: Mamaí/Daidí/deirfiúr.deartháir/mamó/daideo
- Comparáid a dhéanamh sa fás a dhéanamh ó babaí – déagóir
- Bréagáin ó fadó
- Comparáid idir buachaill fadó agus buachaill fadó
 - **Nasc le O.S.P.S- Ag fás agus ag athrú**
- Imeachtaí agus dataí tábhachta pearsanta a iniúchadh agus a chlarú
 - m'aois, an uair a rugadh mé, an uair a thosaigh mé ag siúl, mé ag fás suas, mo chéad lá ar scoil
- fianaise simplí a bhailiú agus a iniúchadh
 - griangraf de/di nuair a bhí sé/sí níos óige
- griangraf, éadaí ag aoiseanna éagsúla a chur i gcomparáid le chéile agus nóta a dhéanamh d'fhorbairt agus de rudaí atá tar éis fanacht mar a bhí.

Mo mhuintir/ muintir duine a bhfuil aithne agam air/uirthi:

- baill an teaghlach/mhuintire: mamaí/daidí/deirfiúr/dearthair/mamó/daideo
- aoiseanna a chur i gcomparáid sean/níos sine/óg/níos óige
- fianaise simplí a bhailiú- griangraf

Scéalaíocht

- Ag féachaint ar na céimeanna éagsúla a tharlaíonn i scéal- scéal i 3 céim.
- Taifead a choiméad de rud éigin a rinne siad gach lá- Luain – Aoine.
- Céimeanna éagsúla i scéal- caithfidh siad an 4 céim a tharraingt iad féin.
- Inis an scéal

- Naomh Pádraig
- Sraitheanna an scéal- ubh-sicín
- Sraitheanna- féachaint ar pictúir agus cad atá in easnamh uathu.
- Naomh Pádraig agus scéalta faoi phaistí thar lear- scéalta a phlé/a athinsint, clarú/ agus úsáid a bhaint as pictúir
- Na gnáth daoine- mamaí + daidí/ daoine cailiúla- Uachtarán na hÉireann, Walt Disney (cúlra éagsúla sóisialta cultúrtha)
- Éisteacht le daoine de chuid na háite
- Croin eolaíocht
- Scéalta a léiriú/nó a thaifeadach trí obair ealaíne
- Pictúir a thaispeáint i líne scealaíocht agus na himeachtaí a léiriú in ord seichimh.

Naíonán Shinsir

Mise agus mo mhuintir

Mise:

- Tomhais lámh + cur síos a dhéanamh ar a aois
- Ag déanamh taifead ar na rudaí ar fad a dhéanann siad i rith na seachtaine
- Teaghlach: Mamaí/Daidí/Mamó/Aintín/Uncail/deartháir/deirfiúr- plé ról na ndaoine seo
- Ag cur pictúirí maidir le fás san ord ceart
- Ag breathnú ar rudaí ón am atá thart ar nós bréagán/ pictúir le tarraingt
- Ag déanamh comparáid idir seanteach agus tithe nua-aimseartha
- Tuiscint ar chroneolaíocht a fhorbairt- plé a dhéanamh ar cén fáth a dtarlaíonn rudaí
- Comparáid a dhéanamh idir iad féin & déagóirí
- Ag bailiú fianaise- ag cruthú capsúl ama
- Seangriangraf + griangraf nua-aimseartha a chur i gcomparáid lena chéile
- Imeachtaí agus dataí tábhachta pearsanta a iniúchadh agus a chlarú
 - m'aois, an uair a rugadh mé, an uair a thosaigh mé ag siúl, mé ag fás suas, mo chéad lá ar scoil, an uair a thosaigh mé ar scoil
- fianaise simplí a bhailiú agus a iniúchadh
 - 'Mo chéad bhréagáin'- griangrafanna + plé
- Éadaí + bréagáin ag aoiseanna éagsúla a chur i gcomparáid le chéile agus nóta a dhéanamh d'fhorbairt agus de rudaí atá tar éis fanacht mar a bhí.

Mo mhuintir/ muintir duine a bhfuil aithne agam air/uirthi:

- baill a mhuintire + iad a aithint: mamaí/daidí/ mamó /daideo//dearthair/deirfiúr/ uncail/aintín
- aoiseanna a chur i gcomparáid
- an chaoi a dtugann na baill clainne aire dá chéile
- forbairt i saol na muintire + na rudaí atá tar éis fanacht mar a bhí a phlé

Scéalaíocht

- Ag éisteacht le scéal agus ag cur pictúirí a baineann leis an scéal san áit ceart
- Ag éisteacht le scéal maidir le conas mar a bhí ócáidí speisialta san am atá thart- msh An Nollaig
- Ag éisteacht + ag plé Scéal Naomh Pádraig- pictúir le tarraingt
- Páistí ag breathnú ar ceithre phictúir- scéal a chumadh astu
- Scéal Náisiúnta (Naomh Pádraig) agus scéalta faoi daoine thar lear, plé a dhéanamh, an scéal a athinsint + clárú, pictúir + gníomhaíochtaí scríbhneoireachta maidir leis an scéal
- Na gnáthdaoine (Mamáí + Daidí), daoine 'níos cailiúla' (An Uachtarán + An Taoiseach)
- Martin Luther King- cúlra éagsúla soisialta, cultúrtha, eithneacha + creideamh
- Éisteacht le daoine de chuid na háite ag insint scéalta
- Croineolaíocht imeachtaí i scéal a phlé
- Scéalta a léiriú trí obair dhramaíocht/ceol/mím
- Pictúir a thaispeáint i líne scéalaíochta

Rang a haon

Mise agus mo mhuintir

- Nuair a bhí mo sheanaitheacha/sheanmháithreacha óg Vs anois
- Laethanta breithe + athrú ag fas
- Féastaí + féilte san am atá thart (Nollaig) traidisiúin, amhráin, scéalta
- Cluichí san am atá thart

Athrú agus leanúnachas

- Daoine ag obair + conas mar a d'athraigh modhanna oibre
- Griangraf/líníochtaí agus cuntais shimplí ar shuíomh faoi mar atá sé anois + mar a bhí sé san am atá thart

Scéalaíocht

- Finnscéalta + miotas ó Éireann + tíortha eile
- Eolas a chur ar shaol bean, fear + páistí ó cúlra éagsúla
- Aistear: staidéar ar aistear éagsúla agus ag déanamh plé ar conas mar a chríochnaíonn scéal
- Croineolaíocht imeachtaí i scéalta a phlé (tús, lár, deireadh)

Rang a dó

Mise agus mo mhuintir

- Comhrá agus ceistneoir a dhéanamh
- Comhrá faoi do mhuintir fadó- seanphictúir a thabhairt isteach
- Cuntas dialann ar na rudaí difriúla a dhéanann tú gach lá
- Comhrá lena seantuistí agus an saol a bhí acu fadó- comhrá faoi an scéil/ na cluichí a d'imir siad/ na biana/ turas

Athrú agus leanúnachas

- Rudaí atá tar éis athrú le deanaí- m.sh siopa- comhrá faoin sean + nua
- Seanphictúir de sráidbhaile- Léim an Bhradáin i gCo Cill Dara- pictúir a tharraingt den baile sin sa lá atá inniu ann
- Scríobh teachtaireacht faoi do shaol féin sa lá atá inniu ann agus tarraing pictúir. Cuir isteach i mbuidéal é agus cur isteach san bhfarraige é

Scéalaíocht

- Clann Lir/Bradán Feasa a dhéanamh mé féin
- Scéal Shéadanta- Conchúr Mac Neasa + Seadanta
- Níosanna Nollag- Na feillte agus tradisiúin difriúla atá i ngach tír
- Scéal Minotaur- Theseus agus Minotaur
- Naomh Pádraig
- Pictúir i líne Scealaíochta
- Rún an Rí- Labhraí (fear a bhfuil cluasa chapall ar)
- Mosaicí (pictúir ar úrlár)- pictúir de ainmhithe, plandaí srl
- Anne Frank (achoimre)- scéal + 5 cheist

Rang a trí - Rang a sé

Rang a trí

Staidéir áitiúla

Áitribh

'Áiteanna Cónaithe'

- Ag féachaint ar seanuirlisí, ag breathnú ar phictúirí, ag éisteacht le eolas ó seantuisí.

'Foirgnimh sa Phobal Againne'

- Ag léamh faoi stair na tógála, plé a dhéanamh ar seantithe, ag breathnú ar phictúirí, ag déanamh pictúirí de na tithe sa cheantar

Cluichí agus caitheamh aimsire san am atá thart

'Cluichí agus Caitheamh Aimsire'

- comparáid le cluichí a d'imir na páistí nuair a bhí siad níos óige Vs cluichí na dtuisí/seantuismitheoirí, cén saghas cluichí a bheidh ann i 200 bhliain?

Scéalaíocht

- Miotais agus finscéalta

'Oisín in Tír na nÓg', 'Scéal Shéadanta', 'Cú Chulainn', 'Éirinnigh Cháiliúla', 'Naomh Pádraig', 'Romulus agus Remus'

- An scéal a léamh, mím a dhéanamh, caint agus plé, ceisteanna a fhreagairt, pictúirí a dhathú sa leabhair oibre.

- Scéalta as saol daoine a mhair san am atá thart

'Ag éisteacht le daoine a mhair san am atá thart'

- Cuairteoir ag teacht isteach ag caint leis an rang faoin am atá thart, na páistí a ullmhú, cuairteoir a cheistiú, an eolas a anailisiú.

Pobail agus sochaithe ársa

- Pobail na Clochaoise

- Ag léamh faoi Na Chéad Fheirmeoirí faoi na ceannteideal- Sealgairí Bailitheoirí, Ag Foghlaim conas rudaí a dhéanamh, cár bh as do Na Chéad Feirmeoirí agus Feirmeoirí in Éirinn

Ceisteanna a fhreagairt sna cóipleabhair, Leabhair oibre, Pictúirí a tharraingt, líne ama a dhéanamh, Ag cumadh biachlár, nascaithe le Ealaín, dul chuig Cnoc Teamhrach

- An Chré-Umhaois

- Dul siar ar an Clochaois, ag léamh faoin Chré-umhaois, cloze, caint agus plé, pictúirí a tharraingt

- Pobail na hAfraice

- Ag léamh faoi saol buachaill darb ainm kimbu, kimbu ag seilg den chéad uair, áit cónaithe na sanaigh, ag líonadh isteach eolais bunaithe ar na Sanaigh, córas cainte na Sanaigh.

Saol, sochaí, obair agus cultúr san am atá thart

- 'An saol sna bailte móra agus faoin tuath in Éirinn agus san Eoraip i rith na Meánaoise

- Ag léamh faoi BAC sa Mheánaois/áit faoin tuath.san eoraip, ceisteanna a fhreagairt sna cóipleabhair, pictúirí a tharraingt, ag féachaint ar bia & éadaí ón am, áiteanna cónaithe, líne ama a chruthú

- Ag léamh faoi daoine boichte + saibhre sa Mheánaois, ceisteanna a fhreagairt sna cóipleabhair, pictúirí a tharraingt, ag féachaint ar bia & éadaí ón am, áiteanna cónaithe, líne ama a chruthú, mím a dhéanamh.

Leanúnachas agus athrú le himeacht ama

- 'Éadaí'

- Caint faoi éadaí a bhí acu nuair a bhí siad níos óige Vs anois, líne ama a dhéanamh, breathnú ar griangrafanna

- 'Litríocht, ealaín, ceardaíocht agus cultúr'

- Ag féachaint ar phictúirí ó tréimhsí difriúla, Vs seantuismitheoirí, líne ama a chruthú

Rang a ceathair

Staidéir áitiúla

- Féastaí, féilte, Mardi gras, rith an tarbh, oíche shamhna
- Mo scoilse

Scéalaíocht

- Miotais agus finscéalta

Scéalta fiannaíochta, Fionn, An Bradán Feasa, Fionn, An Fear Deirce, Daoine naofa- An Bráthair Mac Cudda, Naomh Bríd

Scéalta Gréigeach- Capall adhmaid na Troí- Gréigeach, Sparta + Troí

- Scéalta as saol daoine a mhair san am atá thart

Pobail agus sochaithe ársa

- Na Rómhánaigh
- Na Lochlannaigh- Bjorn an Lochlannach, Ruathair an Lochlannach
- Pobail Mheiriceá Thuaidh- Pobail Dhúchasacha Mheiriceá

Saol, sochaí, obair agus cultúr san am atá thart

- An saol san ochtú haois déag

Leanúnachas agus athrú le himeacht ama

- Bia agus Feirmeoireacht- An Bia a ithimid- Na daoine a chuaigh ag seilg, Na Céad Feirmeoirí
- Cumarsáid

Rang a cúig

Staidéir áitiúla

- Stair Áitúil- Dún Búinne, stair Co. na Mí
- Logainmneacha

Scéalaíocht

- Miotais agus finscéalta

- Naomh Breandáin
- Androcles
- Hugh O'Flaherty

- Scéalta as saol daoine a mhair san am atá thart

Pobail agus sochaithe ársa

- Na Ceiltigh
- Éire Luath-Chríostaí
- Pobail Astraláiseacha- na Maoraigh

Saol, sochaí, obair agus cultúr san am atá thart

- An saol in Éirinn i rith thréimhse na Normanach- Na Normanaigh, Éire san 18ú haois, Na Péindlithe Wolfe Tone.

Tréimhsí athraithe agus coimhlinte

- An Reifirméasán- Martin Luther, Anraí VIII
- An Gorta Mór

Polaitíocht, coimhlint agus an tsochaí

- Éire sa seú agus sa seachtú haois déag
- Ó Conaill agus Saoirse na gCaitliceach- Éire sa 16ú hAois (plandálaithe)

Leanúnachas agus athrú le himeacht ama

- Scoileanna agus oideachas
- Babhtáil, trádáil agus airgead

Rang a sé

Staidéir áitiúla

- Ag dul ar scoil
- Foirginimh + fothracha

Scéalaíocht

- Miotais agus finscéalta

- Fionn agus an Fathach
- Naomh Colm Cille (521 - 597)
- Finscéalta Gréagacha- Homer + Odyssey
- Saighdiúr Éireannach
- Constance Gore Booth
- Na Sufraigéidí

- Scéalta as saol daoine a mhair san am atá thart

Pobail agus sochaithe ársa

- Na hÉigiptigh
- Na Gréagaigh
- Pobail Mheiriceá Lár agus Mheiriceá Theas

Saol, sochaí, obair agus cultúr san am atá thart

- An saol i rith an Dara Cogadh Domhanda

Tréimhsí athraithe agus coimhlinte

- An Reabhlóid Thionsclaíoch
- An t-athrú i rólanna na mban sa naoú haois déag agus san fhichiú haois

Polaitíocht, coimhlint agus an tsochaí

- Réabhlóid agus athrú i Meiriceá, sa Fhrainc agus in Éirinn- Réabhlóid Mheiriceá 1776, Réabhlóid na Fraince- Louis XVI, Napoleon, Cogadh an Dá Rí- Uilliamáitigh, Seacaibítigh, Éirí Amach Loch Garman 1798, 1916 + Neamhspleachas, An Cogadh Cathair 1922
- 1916 agus bunú an stáit
- Tuaisceart Éireann

Leanúnachas agus athrú le himeacht ama

- Fánaithe (nomads)
- Iompar

2. Forbairt Scileanna agus Coincheapa

Naíonán Shóisir- Naíonán Shinsir

Agus an pháiste ag obair mar staraí ba chóir go cuirfí ar chumas an pháiste:

Am agus croineolaíocht

- Bheith feasach ar sheicheamh imeachtaí i scéalta simplí faoin am atá thart agus e a phlé.
- seicheamh imeachtaí ina stair féin nó i stair a m(h)uintire agus i scéalta a chlárú agus úsáid á bhaint as línte ama simplí. - roinnt griangraf nó nithe pearsanta eile a chur in ord cróineolaíoch

Fianaise a úsáid

- déileáil le fianaise shimplí staire- griangraf de chuid an tí, na héadaí a chaith sé/sí nuair a bhí sé/sí níos óige, foirgnimh.

Cur in iúl

- eolas ar scéalta ón am atá thart a chur in iúl ar bhealaí éagsúla - éisteacht le scéalta agus iad a athinsint, dramaíocht, obair ealaíne, teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide.

Rang a haon - Rang a dó

Agus an pháiste ag obair mar staraí ba chóir go cuirfí ar chumas an pháiste:

Am agus croineolaíocht

- tosú ar an difear idir an am atá thart, an am i láthair agus an am atá le teacht a aithint
- tosú ag forbairt tuisceana ar an gcróineolaíocht trí sheichimh shimplí a iniúchadh agus a chlárú agus trí earraí agus phictiúir a chur in ord stairiúil.

Athrú agus leanúnachas

- samplaí d'athrú agus de leanúnachas a fhiosrú, go háirithe sa saol pearsanta, agus i stair na muintire agus na háite - *gnéithe i dteach, i dteaghlach agus i ngarthimpeallacht an pháiste a d'athraigh nó a d'fhan mar a bhí*

Cúis agus iarmhairt

- na cúiseanna ar tharla imeachtaí áirithe agus roinnt de na torthaí a bhí orthu a phlé- *gníomhartha pearsan i scéal*

Fianaise a úsáid

- Raon d'fhianaise shimplí stairiúil a fhiosrú *grianghraif, earraí, cuimhní daoine níos sine, foirgnimh, scéalta agus amhráin*
- tosú ar chuntais fhicseanacha i scéalta, miotais nó finscéalta agus cuntais ar dhaoine agus imeachtaí réadúla san am atá thart a idirdhealú

Sintéis agus cur in iúl

- eolas ar scéalta, ar dhaoine agus ar imeachtaí ón am atá thart a chur in iúl ar bhealaí éagsúla- *scríbhneoireacht, drámaíocht, meáin eile, teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide*

Tionhbhá

- mothúcháin pearsan i scéalta ón am atá thart a shamhlú agus a phlé.

Rang a trí - Rang a ceathair

Agus an pháiste ag obair mar staraí ba chóir go cuirfí ar chumas an pháiste:

Am agus croineolaíocht

- an t-am atá thart, an t-am i láthair agus an t-am atá le teacht a idirdhealú
- tuiscint a fhorbairt ar am agus ar chróineolaíocht trí aoiseanna daoine, earraí agus imeachtaí a chur i gcomparáid
- eolas faoi dhaoine agus faoi imeachtaí san am atá thart a thaifeadadh trí úsáid a bhaint as línte simplí ama
- coinbhinsiúin dátaithe a thuiscint agus a úsáid agus staidéar ar an am atá thart á dhéanamh, an lá, an mhí agus an bhliain san áireamh - *an bhliain a rugadh mé, breith tuismitheoirí agus daoine muinteartha eile an bhliain a thosaigh mé ar scoil, dátaí pearsanta eile san am atá díreach thart nó níos faide siar ná sin*
- focail agus frásaí coitianta a bhfuil baint acu le cúrsaí ama a úsáid- *sean/nua, níos sine/níos nuaí, roimhe/ina dhiaidh, níos déanaí/níos luaithe, i bhfad ó shin, na cianta ó shin*

Athrú agus leanúnachas

- tuiscint d'athrú agus do leanúnachas a fhorbairt trí na cosúlachtaí agus na héagsúlachtaí idir an t-am atá thart agus an t-am i láthair a iniúchadh

Cúis agus iarmhairt

- na cúiseanna a bhí le roinnt imeachtaí agus athruithe san am atá thart agus na hiarmhairtí a bhí orthu a phlé

Fianaise a úsáid

- raon níos leithne d'fhianaise staire a scrúdú agus a úsáid, go háirithe an méid a d'fhéadfaí a fháil go háitiúil nó a bhfuil baint aige le stair na háite- *grianghraif, pictiúir, earraí, cuimhní daoine níos sine, foirgnimh, scéalta*

agus amhráin, foinsí scríofa, scannáin, meáin eile, teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide

- ceisteanna a chur faoi phíosa fianaise
- achoimre a dhéanamh ar an eolas atá in aon fhoinse fhianaise amháin agus tátail shimplí a bhaint as

Sintéis agus cur in iúl

- an fhianaise agus an tsamhlaíocht a úsáid chun gnéithe den am atá thart a athchruthú- *cluiche a d'imríodh na seanaithreacha/seanmháithreacha nuair a bhí siad óg, comhrá idir bheirt phearsa stairiúla, an chuma a bhí ar sheanráth*
- an tuiscint sin ar an am atá thart a chur in iúl ar bhealaí éagsúla- an teanga labhartha, scríobh, drámaíocht, obair ealaíne, múnlú, meáin eile agus teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide

Tionbhá

- mothúcháin agus inspreagadh daoine san am atá thart a shamhlú agus a phlé.

Rang a cúig - Rang a sé

Agus an pháiste ag obair mar staraí ba chóir go cuirfí ar chumas an pháiste:

Am agus croineolaíocht

- tuiscint a fhorbairt ar am agus ar chróineolaíocht ionas go bhféadfadh sé/sí daoine, earraí agus imeachtaí a shuíomh taobh istigh de sheicheamh leathan staire
- daoine agus imeachtaí san am atá thart a taifeadadh trí úsáid a bhaint as línte ama simplí de shaghsanna éagsúla
- téarmaí, frásaí agus coinbhinsiúin a bhaineann le taifeadadh dátaí agus ama a úsáid- *RCh, AD, aois, an Chlochaois, 600 RCh, Éire Luath-Chríostaí, Ré na mBard, réimeas Rí Seoirse*

Athrú agus leanúnachas

- tuiscint ar athrú agus ar leanúnachas a fhorbairt trí iniúchadh a dhéanamh ar chosúlachtaí agus difríochtaí idir an t-am atá thart agus an t-am i láthair agus idir thréimhsí éagsúla san am atá thart

Cúis agus iarmhairt

- roinnt gnéithe a aithint arbh fhéidir gurbh iad ba chúis le hathruithe san am atá thart, a chuir stop leo, nó a chuir moill orthu
- a léirithuiscint gur gnách go mbíonn roinnt cúiseanna le teagmhais agus roinnt iarmhairtí orthu

Fianaise a úsáid

- raon leathan d'fhianaise staire a úsáid go criticiúil- *grianghraif, pictiúir, earraí, cuimhní daoine níos sine, foirgnimh, scéalta agus amhráin, foinsí scríofa, scannáin agus meáin eile, teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide*
- roinnt scileanna a fhorbairt chun fianaise a aimsiú agus a roghnú
- bunfhoinsí agus foinsí tánaisteacha a idirdhealú
- ceisteanna a chur faoi phíosa fianaise
- cuntais ar dhuine nó ar theagmhas ó dhá fhoinse éagsúla nó níos mó a chur i gcomparáid
- tátail shimplí a bhaint as píosa fianaise
- a aithint go bhféadfadh fianaise a bheith easnamhach nó claonta
- a thuiscint gur féidir fianaise a idirmhíniú ar bhealaí éagsúla.

Sintéis agus cur in iúl

- eolas stairiúil a roghnú agus eagar a chur air
- fianaise agus an tsamhlaíocht a úsáid chun gnéithe den am atá thart a athchruthú- *imeachtaí an lae i scoil sa naoú haois déag, radharc de dhaoine ag dul ar imirce aimsir an Ghorta, an chuma a bhí ar lonnaíocht chrannóige, litir nó dialann a scríobh pearsa staire*
- an tuiscint sin ar an am atá thart a chur in iúl ar bhealaí éagsúla- an teanga labhartha, scríbhneoireacht, drámaíocht, obair ealaíne, múnú, meáin eile, teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide

Tionhbhá

- mothúcháin agus inspreagadh daoine san am atá thart a shamhlú agus a phlé
- an chaoi ar bhreathnaigh daoine a bhí páirteach in imeacht san am atá thart, b'fhéidir, a phlé.

3. Cur Chuige agus Modheolaíochtaí

Seo hiad na modheolaíochtaí agus an cur chuige a bheidh á úsáid tríd an scoil agus an stair á mhúineadh, i gcomhthéasc leis na snaitheanna/snáithaonaid na staire, sa scoil:

Scéalaíocht lgh. 65-71 Treoirlínte do mhúinteoirí

Céim 1 An cúlra a ullmhú

Tá ullmhúchán críochnúil riachtanach le go n-éireodh leis an scéalaíocht. Tar éis dó/di an eachtra agus na pearsana a bheidh sa chuntas a roghnú, ba cheart don scéalaí oiread leaganacha den scéal a léamh agus is féidir.

Céim 2 An scéal a shamhlú agus a phleanáil

D'fhéadfadh gur cúig chéim a bheadh in insint eachtra as an bhfinscéal, mar shampla Iomramh Bhréanainn go Meiriceá:

- an phearsa á cur in aithne, a thaitneamh don tseoltóireacht, agus a shaol mar mhanach, tógáil an bháid agus cur chun farraige le manaigh eile, ag taisteal ar feadh i bhfad i ngach cineál aimsire, ag aimsiú 'oileáin', ag dul i dtír air, tine á lasadh, faitíos agus sceoin nuair a théann an 't-oileán' faoi, ag fáil amach gur míol mór an t-oileán, an míol mór ag imeacht in éineacht leis an mbád ar an gcuid eile den turas go dtí an tOileán Úr.
- Ní mór focail agus coincheapa nach dtuigfeadh na páistí b'fhéidir a aithint roimh ré: mar shampla d'fhéadfaí cuid díobh sin a mhúineadh i gcomhthéacsanna éagsúla roimh insint an scéil, agus d'fhéadfaí gnéithe eile a fhí isteach sa scéal agus iad a mhíniú fad is a bhíonn an scéal á insint. Ceann de na teicníochtaí is éifeachtaí le teanga a shimpliú agus ceann a chuireann go mór le gníomhaíocht agus le réalachas scéil ná úsáid a bhaint as caint dhíreach.
- Nuair a bhíonn an insint á phleanáil ba cheart deiseanna a aithint chomh maith le fearas, léaráidí nó píosaí fianaise a úsáid.

Céim 3 An scéal a insint

- An scéal a insint don ghrúpa. Má dhíríonn an múinteoir súile na bpáistí, is féidir leis/léi a n-aire a choinneáil, a thomhas cé chomh maith is a thuig siad gach eachtra agus an scéal a chur in oiriúint de réir mar is gá. Bíonn an insint níos spéisiúla agus níos beomhaire má úsáidtear athrú agus codarsnacht ní hamháin sna radhairc ach sa tuin chainte agus in airde agus luas an ghlóir, agus beidh a fhios ag an scéalaí—a bhfuil muinín aige/aici as/aisti féin—cén chaoi le húsáid a bhaint as an sos drámata sa chaint. Is féidir le geáitse agus gníomhaíocht go leor brí a chur in iúl.

Céim 4 Plé

Ba cheart go spreagfadh an dea-scéalaíocht ceistiú agus plé agus go mbeadh leibhéal éagsúla castachta sa phlé seo:

- ceisteanna simplí athghlaoite chun na heachtraí sa scéal a shoiléiriú:
- plé agus gníomhaíochtaí eile ag díriú ar ord an scéil
- plé agus tuairimíocht ar chúis agus iarmhairt tuairimí a chaitheamh faoi mhothúcháin agus faoi staid na bpearsan. Tá sé tábhachtach go mbeadh na ceisteanna seo agus na ceisteanna faoi chúis agus iarmhairt oscailte go fírinneach. Ba cheart go spreagfaí na páistí le tuairimí a chaitheamh gan aon bhac, murab ionann agus 'an freagra ceart atá ar eolas ag an múinteoir a thomhas'.
- na gnéithe den scéal a d'fhéadfadh a bheith fíor a aithint tharstu sin atá samhailteach.
- de thoradh an phlé faoi ghnéithe fíora agus ghnéithe bréagacha an scéil go ndéanfaí athscrúdú ar an bhfianaise atá ar fáil.

Céim 5 Iarobair

- an scéal a athinsint ó bhéal, trí rólghlacadh nó mar mhím.
- obair ealaíne

Drámaíocht agus ról-ghlacadh lgh. 109-113 Treoirlínte do mhúinteoirí

- *an modh labhair tríd*, modh atá feiliúnach do na ranganna is óige. Bíonn an cúram ar an múinteoir an t-inspreagadh agus an t-eolas ar fad don ghníomhaíocht a sholáthar agus a chur i láthair
- *modh an rólghlactha*, nuair a thugtar an t-eolas do na páistí faoina gcuid carachtar agus léiríonn siad é don chuid eile den rang 'sa ról'.

Fianaise béil lgh. 77-80 Treoirlínte do mhúinteoirí

Céim 1 Fócas an agallaimh a shoiléiriú

- mionstaidéar ar thréimhse faoi leith
- staidéar ar raon forbartha: mar shampla d'fhéadfadh agallamh le tiománaí traenach
- staidéar ar fhoirgnimh áitiúla nó ar áiteanna sa cheantar mar shampla

Céim 2 Na daoine a gcuirfear agallamh orthu a roghnú agus a ullmhú

- cumas an duine labhairt faoin saol fadó agus san am céanna spéiseanna
- cé chomh sásta is atá an duine labhairt faoina t(h)osca pearsanta féin, a m(h)uintir, agus a t(h)aithí.
- cáilíocht an chaidrimh idir an múinteoir agus an té a bhfuil agallamh á chur air/uirthi.

Céim 3 Ullmhú don chuairt

- eolas a bheith ag na páistí ar chúlra na tréimhse a mbeidh an duine ag labhairt fúithi, ionas go mbeidh siad in ann a mbeidh á rá ag an gcuairteoir a chur i gcomhthéacs agus teacht ar ais le ceisteanna breise oiriúnacha.
- tabhairt ar pháistí díriú ar na ceisteanna ba cheart dóibh a chur ar an gcuairteoir.
- teicníochtaí agallaimh a fhoghlaim. I dtosach b'fhéidir go ndíreofaí an obair ar cheisteanna a ullmhú. D'fhéadfaí gnéithe faoi leith den agallamh a thabhairt do ghrúpaí éagsúla sa rang agus cúram orthu ceisteanna feiliúnacha a chur le chéile.
- Ba cheart béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le héisteacht go cúramach lena mbíonn á rá.
- socrú cé acu an ndéanfar taifeadadh ar an agallamh nó nach ndéanfar, agus cén chaoi.

Céim 4 An t-agallamh

- Is sa seomra ranga a tharlóidh an chuid is mó de na hagallaimh nuair a bhuailfidh an rang ar fad leis an gcualairteoir.

Céim 5 Iarobair

Cabhróidh plé agus iarghníomhartha leis na páistí

- ar chuala siad a thabhairt chun cuimhne agus a shoiléiriú
- na cuntais a thug an cuairteoir a cheangal le píosaí eile fianaise agus eolais faoin tréimhse
- áiteanna a luadh san agallamh a aithint, go háirithe áiteanna sa cheantar
- samplaí d'athrú agus de leanúnachas a aithint
- smaoineamh ar mhothúcháin an chuairteora i leith na n-imeachtaí a ndearna sí/sé cur síos orthu.

Fianaise fháisnéiseach lgh. 104-108 Treoirlínte do mhúinteoirí

Raon scileanna a úsáid

- fíricí a fháil amach agus eolas a roghnú
- eolas a aistriú
- tátail a bhaint
- mothúcháin agus peirspictíochtaí a mheas
- dhá phíosa fianaise nó níos mó a chur i gcomparáid
- cuntas á shintéisiú

Teicneolaíocht an eolais a úsáid lgh.114 Treoirlínte do mhúinteoirí

- D'fhéadfadh páistí línte ama a stóráil ar dhiosca ríomhaire agus ansin cur leo de réir mar a chríochnófaí aonaid oibre nua

- Tá roinnt ríomhchlár samhaltar ar fáil atá bunaithe ar théamaí stairiúla. Ligeann cuid acu don pháiste bheith i ról an tseandálaí ar thochailt, cuir i gcás, nó mar shaighdiúir Normannach ag ionsaí caisleáin.

- Bíonn teacht ag páistí ar raon níos mó fós foinsí má úsáideann siad an t-idirlíon.

Stair phearsanta agus stair theaghlaigh lgh.72-75 Treoirlínte do mhúinteoirí

Céim 1 Eolas a thabhairt do na tuismitheoirí

- Ní mór comhoibriú iomlán na dtuismitheoirí a bheith ar fáil chun go n-éireodh léi. Ba cheart litir a chur chuig na tuismitheoirí tamall maith sula dtosaíonn obair ar an téama seo.

Céim 2 Suim a mhúscailt

- Bealach éifeachtach amháin don mhúinteoir chun suim na bpáistí san am atá thart a mhúscailt ná insint dóibh faoina (h)óige féin.

- Agus úsáid á baint as roinnt grianghraf ó thréimhsí éagsúla ina (h)óige féin, chomh maith le rudaí mar bhall éadaigh, bréagán, leabhar scéalta, nó cóipleabhar scoile, tig leis an múinteoir labhairt faoi raon teoranta imeachtaí agus tarlúintí ina s(h)aol féin.

Céim 3 Nuair a bhí mé an-óg

-Is féidir na páistí a spreagadh ansin chun pictiúr díobh féin nuair a bhí siad an-óg a lorg chomh maith le ceann

a tógadh le déanaí. Is féidir iad sin a chur ar taispeáint sa seomra ranga (I bpócaí cumhdaigh plaisteacha ab fhearr). B'fhéidir go dtiocfadh rudaí eile chun solais, mar bhréagáin agus chuimhneacháin eile, agus ba cheart lipéid a chur orthu agus iad a chur ar taispeáint.

Céim 4 Eolas breise á fháil

- Toradh nádúrtha a bheidh ar an bplé thuas ná go ndéanfaidh na páistí tuilleadh imscrúdaithe. D'fhéadfadh ceisteanna mar iad seo a leanas cabhrú lena gcuid oibre a stiúradh:

Cár rugadh mé? mo mham? mo dhaid?

Cén áit ar fhás mo thuismitheoirí aníos?

Céim 5 Taifeadadh

- Is féidir na coincheapa atá ag na páistí de leanúnachas agus d'athrú ina saol féin a dhaingniú ach línte ama pearsanta simplí a chur le chéile, agus d'fhéadfaí leas a bhaint astu seo chun teanga ama a fhorbairt freisin.

Déantúsáin a úsáid lgh. 81-86 Treoirlínte do mhúinteoirí

Earra á imscrúdú

- breathnaítear ar an earra ach ná déantar tomhas faoi cé atá ann
- scrúdaítear an t-earra go géar láimhseáiltear agus mothaítear é déantar pictiúr de caitear machnamh ... ar a chuma fhisiceach, ar a dhéanamh
- ... ar an bhfeidhm a bhí leis, ar a dhearadh
- baintear tátail as maidir leis na daoine a rinne agus a d'úsáid é
- déantar tuilleadh imscrúdaithe air

Céim 1 An t-earra a chur i láthair

Nuair a chuirtear a leithéid seo d'earra i láthair páistí, déanfaidh go leor acu iarracht a thomhas cé hé féin.

Céim 2 An t-earra a imscrúdú

- Má theastaíonn uainn go labhródh déantúsáin linn faoin am atá thart tá breathnóireacht ghéar agus scrúdú córasach tábhachtach.

Ba cheart páistí a spreagadh le hearraí a scrúdú go córasach agus le tátail bunaithe ar eolas a bhaint astu. Is féidir anailís a dhéanamh ar an gcuid is mó de na hearraí ach smaoineamh orthu seo:

- gnéithe fisiceacha an earra
- an chaoi ar cuireadh an t-earra le chéile
- an riocht ina bhfuil sé
- an fheidhm a bhí leis
- a dhearadh.

Céim 3 Tátail a bhaint

- Ba cheart go spreagfadh an plé agus an ceistiú na páistí le smaoineamh faoinar féidir leis an earra a insint dúinn faoi scileanna, teicneolaíochtaí, foirmeacha ealaíne, obair agus caitheamh aimsire na ndaoine a d'úsáid é.

Céim 4 Iarobair

Ba cheart go mbeidís seo ar na gníomhaíochtaí iarobaire:

- tabhairt faoi thuilleadh taighde lena chinntiú gur aithníodh an t-earra i gceart, mar shampla, trí leabhair,

fianaise béil nó grianghraif a úsáid

- imscrúdú a dhéanamh faoin gcaoi ar tháinig modhanna eile soilsithe chun cinn
- i gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé cabhrú le páistí ionbhá a bheith acu le daoine fadó agus leis an saol a bhí acu má dhéanann siad iarracht na hearraí a úsáid.

Pictiúir agus grianghraif lgh. 87-98 Treoirlínte do mhúinteoirí

Céim 1 Cad as a dtagann an pictiúr?

D'fhéadfadh an múinteoir an pictiúr a chur i láthair agus a phríomhghnéithe a mhíniú: an tsráid, an droichead

Céim 2 Grinnbhreathnú

Ba cheart go gcabhródh ceistiú agus plé le páistí breathnú go grinn ar an bpictiúr agus eolas faoin saol ag an am a fháil amach. D'fhéadfadh na ceisteanna:

- díriú ar an obair atá á déanamh ag daoine
- oiread modhanna taistil agus iompair agus is féidir a aithint sa phictiúr
- éadaí na ndaoine a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht le chéile

Céim 3 Iarobair

D'fhéadfaí an obair seo a threisiú trí:

- garlíníocht a dhéanamh de ghné nó dhó sa phictiúr, mar shampla duine de na daoine atá ann
- na foirgnimh a scrúdú.
- scríbhneoireacht chruthaitheach

Ag baint leasa as an timpeallacht lgh. 99-103 Treoirlínte do mhúinteoirí

Céim 1 Taighde cúlra

Tá taighde bunaidh agus ullmhúchán maith riachtanach má tá an timpeallacht áitiúil le húsáid go sásúil. Tabharfaidh na míreanna *Conas ceantar na scoile a chuimsiú sa chlár* agus *Tacaíocht i gcomhair an chur i bhfeidhm a aimsiú* agus an liosta foinsí i gcomhair na staire áitiúla san *Aguisín* leideanna úsáideacha faoin áit ba cheart tosú chun eolas a chur ar an timpeallacht.

Céim 2 Obair sa seomra ranga

Bainfidh páistí i bhfad níos mó tairbhe as cuairt a thabhairt ar áit sa timpeallacht má bhíonn eolas cúlra acu ar an tréimhse nó ar an gcineál ruda a bhfuil baint ag an áit sin leo.

Céim 3 An leabhrán riain a dhearadh agus a phleanáil

Nuair a bhíonn cinneadh déanta faoi théama agus ábhar an leabhráin riain, ba cheart an bealach a leagan amach agus na tascanna a dhearadh. Ní ceart go mbeadh an cúrsa rófhada.

Céim 4 An chuairt a eagrú

Is cosúil gur fearr a fhoghlaimoidh páistí agus iad ar cuairt ag suíomh éigin sa timpeallacht má bhíonn siad i ngrúpaí beaga faoi stiúir duine fhásta fhreagrach.

Céim 5 Iarobair

Ba cheart deiseanna a chur ar fáil do na páistí

- torthaí a gcuid fionnachtana agus a gcuid breathnóireachta a chur i gcomparáid agus a phlé
- na tátail a bhaineann siad as an bhfianaise a bhreathnaíonn siad a phlé
- níos mó a fháil amach faoi ghnéithe sa timpeallacht a thug siad faoi deara
- torthaí a gcuid fionnachtana a chur i láthair, mar shraith de phictiúir bhalla nó de fhríosanna, nó mar mhionsamhlacha.

4. Nascadh agus Comhtháthú

Nascadh: (Téigh i gcomhairle le Treoirlínte do mhúinteoirí lgh. 46-55)

- Ba cheart roinnt gnéithe den ábhar a nascadh le chéile: mar shampla, b'fhéidir go rachfaí ar aghaidh ó staidéir áitiúla a mbeadh uaigh réamhstaire i gceist leo le scrúdú a dhéanamh ar nósanna adhlactha phobail na Clochaoise ar chuid riachtanach é sa snáithe *Pobail luatha agus sochaithe ársa*.
- Trí chur chuige bunaithe ar théama nó thopaic leathan a úsáid. Is féidir téama mar 'Uisce', 'Tithe' nó téama bunaithe ar úrscéal nó scéal a roghnú agus é a iniúchadh ar bhealaí éagsúla a chuirfeadh gnéithe de go leor ábhar éagsúil san áireamh.

Comhtháthú: (Téigh i gcomhairle leis an gCuraclam lgh. 4-5, lgh.17, 25, 38, 58 Treoirlínte do mhúinteoirí lgh.56-61)

Is féidir a lán eilimintí de na curaclaim sa stair, san eolaíocht agus sa tíreolaíocht a iniúchadh ag an am céanna, agus cuideoidh go leor den obair a dhéanfar le teanga ó bhéal, litearthacht, uimhearthacht, feasacht aeistéitiúil, léiriú cruthaitheach agus scileanna cumarsáide a fhorbairt.

- D'fhéadfaí go leor den obair a mholtar sa churaclam a dhéanamh trí mheán na dtéamaí nó na dtopaicí comhtháite a úsáidtear go minic chun an fhoghlaim i ranganna na naíonán a eagrú. Mar shampla, d'fhéadfaí na cuspóirí atá i gceist sna snáithaonaid 'Mise' agus 'Mo mhuintir' a bhaint amach nuair a bhíonn na páistí ag iniúchadh na dtéamaí sin sa churaclam oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte (OSPS) nó san oideachas reiligiúnach.
- Féadfar teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide a úsáid chomh maith chun scéalta a insint agus a thaifeadadh agus chun saol daoine san am atá thart a iniúchadh.

Samplaí de Comhtháthú

Ealaín: Pictiúirí a tharraingt agus a pheinteail/ Clochaí a pheinteál/ Baile a chruthú as cartclár/ Potaí ón Éigipt a dhéanamh as cré

Dramaíocht: Rólghlacadh- Naomh Pádaig m.sh

Corpoideachas: Ag súgradh na cluichí san am atá thart

Gaeilge: Plé, cur i láthair smaointí ó bhéal agus i bhfoirm pictiúir agus scríofa

Tíreolas: Ag obair le léarscáileanna, tithe sa cheantar

OSPS: Mise agus mo mhuintir

5. Múinteoireacht Ilghráid

????

6. Measúnú agus Coimeád Cúntas

Measúnú

Ní mór don mheasúnú ar dhul chun cinn na bpáistí sa stair freagairt don tuiscint seo chun go mbeidh bailíocht ann agus ionas nach gcuirfidh na teicníochtaí measúnaithe an curaclam as a riocht. Ar an ábhar sin, caithfidh na teicníochtaí measúnaithe a úsáidfear sa stair féachaint le dul chun cinn na bpáistí a mheas chomh fada is a bhaineann lena n-eolas ar an am atá thart, lena gcumas scileanna staire a úsáid agus le forbairt a ndearcaidh.

Samplaí de measúnú

Breathnóireacht an mhúinteora: Torthaí a phlé idir paiste agus paiste agus idir paiste agus múinteoir

Tascanna a dhearann an múinteoir: Athinsint ar na himeachtaí a bhí i gceist sa snaith i bhfoirm scríofa, agus ar líne ama, cártaí oibre a ullmhaíodh mar cabhair do na paistí chun an fhianaise a scrúdú. Tráth na gceist & Ar maith leat bheith I do mhilliúnaí?

Samplaí oibre: Samplaí de chlárú, de shintéisiú agus de chur in iúl atá críochnaithe ag na daltaí i línte ama

Prófilí curaclaim: Breathnóireacht an mhúinteora agus an bailiúchán a úsáid le prófil an phaiste a líonadh ag deireadh an téarma, na bliana nó treimhse.

Bainfear úsáid as an measúnú chun cur leis na modhanna múinte atá ag gach múinteoir agus chun cur leis an pleanáil le haghaidh an Stair sa todhchaí.

Coimeád Cúntas

Tá na cumtaisí míosúila ina bhfuil cur síos le fáil ar an an Stair atá clúdaithe ag gach múinteoir le fáil san oifig.
??

Cad iad na cúntais a choinnítear? Cá bhfuil na taifid coinnithe? Cé chomh fada a choimeádtar iad?

(Téigh i gcomhairle le Polasaí ar Choinneáil Taifid na scoile)

Conas a roinneann múinteoirí eolas le páistí/tuismitheoirí?

????????????????????????????

7. Páistí le Riachtanais Speisialta

Seo na straitéisí a bheidh in úsáid chun cabhrú le daltaí atá deacrachtaí acu san ábhar:

Straitéisí Dífreálaithe Féideartha:

- Is féidir leis cuidiú go mór mór le forbairt teanga an pháiste trí leathnú a dhéanamh ar stór focal is ar chumas cur i láthair
- Am sa bhreis chun scil a chleachtadh
- An-chuid spreagtha agus athrá treoracha ag teastáil ón bpáiste a bhfuil deacrachtaí foghlama aige/aici.
- Dul chun cinn a dhéanamh ar do luas féin
- Meascán de theagasc ranga agus obair ghrúpa a úsáid
- Tar éis ceacht ranga tascanna ar eibhéil éagsúla castacha a thabhairt do ghrúpaí difriúla páistí
- Fianaise éagsúil a úsáid

- Raon ceisteanna a úsáid agus raon tascanna a chur ar fáil
- Deis a thabhairt do dhaltáí a gcuid tátal staire a chur I láthair ó bhéal, I ndíospoireachtaí ról-aithris, leas a bhaint as an ríomhaire
- *Maidir le Stair phearsanta, conas a dtugann múinteoirí faoi cheist shuímh leochailleacha teaghlaigh a láimhseáil? mar shampla bás tuismitheora/dearthár/deirfiúr, tuismitheoirí aonair, tuismitheoirí scartha, páistí atá uchtaithe, páistí altramais...*
 ??????????????????????

8. Comhionannas agus Rannpháirtíocht

- Féachann OSIE le léirthiscint ar an oidhreacht chultúrtha agus ar an oidhreacht stairiúil a ghiniúint agus cothaíonn sé atmaisféar don chomhionannas agus don deis, ina mbíonn meas agus luach ar fhir agus ar mhná, ar ilghnéitheacht chultúrtha, ar mhionlaigh agus ar riachtanais speisialta. Cuirtear in aghaidh claontachta agus leithcheala agus cothaítear meas agus comhthuisceant.

An bhfuil saincheisteanna inscne a gcaithfear a chur san áireamh maidir le mhúineadh na Staire mar shampla ag tabhairt aghaidh ar ról na mban i gcomhthéacsanna áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta?
 ??????????????????????

■ Pleanáil Eagraíochta

9. Clár Ama

- Tá 2 uair 15 nóiméad leagtha síos ag an curaclam le haghaidh OSIE a mhúineadh don Naíonán. San am seo, déanfar 45 nóiméad sa Stair gach seachtain.
- Tá 3 uair leagtha síos ag an curaclam le haghaidh OSIE a mhúineadh do na ranganna eile. San am seo, déanfar 1 uair sa Stair gach seachtain.

10. Acmhainní agus TEC

Tá na hacmhainní seo a leanas ar fáil sa scoil maidir leis an Stair:

Leabhair, postéirí

- Cártaí Poist- seanphictiúirí faoi saol in am difriúil
- Postéirí Staire - Cnoc Teamhair
- Timpeall an Domhain (Téascleabhair + Leabhair oibre) Rang a trí - Rang a sé, Lámhleabhair an mhúinteora Rang a haon- Rang a dó
- Earthlinks- Teacher's Manual, Junior Infants-Senior Infants
- I wonder why?: Greeks build temples
- Duail 3- Leabhair oibre staire
- History Quest 1&5- Téascleabhair an phaiste
- Scéal na hÉireann B- Téascleabhair/leabhair oibre
- The Viking Colouring Book

- Time Travel 3& 4- Teacher's Handbook
- The Potato Famine in Ireland- Photocopy masters- AG Carroll; Amacway Publications Ireland
- Pathways in History 2, téascleabhair- The Educational Company
- Geography & History worksheets- Junior Infants - Sixth Class
- Tales of Awe and Wonder- Our Medieval Heritage- Johanna O'Mahony Walters
- Irish American Heritage- Original Graphics Story Book
- 2 pictúir de Caherconnell Stone Fort
- All about Irish Stamps pack
- Archaeology in the Classroom X3 (OSIE)
- Pictorial history of Ireland
- Curaclam Bunscoile Staire

Seo roinnt leabhair a bheadh úsáideach le haghaidh múineadh na Staire:

Automobile Association- *Illustrated Guide to Ireland* Londain, Reader's Digest
 Barrow, Lennox, *The Round Towers of Ireland: Study and Gazetteer* Baile Átha Cliath, Academy Press, 1979
 de Breffny, Brian *The Castles of Ireland* Hudson, 1986
 de Breffny, Brian agus Mott, George *The Churches and Abbeys of Ireland* Londain, Thames and Hudson, 1980
 de Breffny, Brian agus Ffolliott, Rosemary *The Houses of Ireland: Domestic Architecture from the Londain, Thames and Hudson, Medieval Castle to the Edwardian Villa* 1984
 Dudley Edwards, Ruth *An Atlas of Irish History* Londain, Methuen, 1981
 Fry, Plantagene S. *Castles of Britain and Ireland* Newton Abbott, David and Charles, 1996
 Shaffrey, Patrick agus Maura *Buildings of Irish Towns* Baile Átha Cliath, O'Brien Press, 1983
 Shaffrey, Patrick agus Maura *Irish Countryside Buildings* Baile Átha Cliath, O'Brien Press, 1985

Tá na foinsí seo a leanas ar fáil san leabharlann áitiúil nó an leabharlann Náisiúnta, foinsí a chabhródh go mór leis an Stair a mhúineadh.

- Leabhair staire áitiúla a foilsíodh
- Ailt in irisí
- Nuachtáin áitiúla
- Léarscáileanna
- Páipéir pharlaiminte
- Tuairiscí daonáirimh
- Tuairiscí ar oideachas agus ar Scoileanna
- Tuairisc ar bhailte na hÉireann
- Pictiúir agus líníochtaí
- Foinsí lámhscríbhinní

Seo a leanas foinsí tagartha don churaclam agus do na treoirilínte:

- An Chomhairle Náisiúnta *Report of the Review Body on the Primary Curriculum* Baile Átha Cliath, CNCM agus an
 Curaclam agus Measúnachta Roinn Oideachais, 1980
 - Andreotti, Keith *Teaching History from Primary Evidence* Londain, David Fulton, 1993
 Australian Education Council *Studies of Society and Environment: Carlton (Victoria), Curriculum
 A Curriculum Profile for Australian Schools* Corporation, 1994

- Blyth, Joan *Place and Time with Children Five to Nine* Londain, Croom Helm, 1984
- Blyth, Joan *History in Primary Schools* Londain, McGraw-Hill, 1982
- Bourdillon, Hilary (eag.) *Teaching History* Londain, Routledge, 1994
- Cooper, Hilary *History in the Early Years* Londain, Routledge, 1995
- Curriculum Council for Wales *Environmental Education: A Framework for the Caerdydd, CCW*, 1992
Development of a Cross-curricular Theme in Wales
- Curriculum Council for Wales *History in the National Curriculum: Caerdydd, CCW*, 1991
Non-Statutory Guidance for Teachers
- Department of Education (UK) *Key Stages 1 and 2 of the National Curriculum (England)* Londain, HMSO, 1996
- Department of Education *History from 5 to 16: Curriculum Matters 11* Londain, HMSO, 1988
and Science
- Department of Education *History in the National Curriculum (England)* Londain, HMSO, 1991
and Science
- Department of Education *History: Programmes of Study and Attainment Targets* Béal Feirste, HMSO, 1991
Northern Ireland
- Department of Education *The Northern Ireland Curriculum: Key Stages 1 and 2: Béal Feirste, HMSO*, 1996
Northern Ireland *Programmes of Study and Attainment Targets*
- Durbin, Gail et al. *A Teacher's Guide to Learning from Objects* Ruislip, English Heritage, 1993
- Fines, John (eag.) *Teaching History* Dún Éideann, Holmes McDougall, 1983
- Gallagher, Carmel et al. *Making Sense of History: Evidence in Ireland* Béal Feirste, Ulster Historical
for the Young Historian Foundation, 1990
- Irish National Teachers' *Social and Environmental Studies in Primary* Baile Átha Cliath, INTO, 1992
Organisation *Education in Ireland*
- Lomas, Tim *Teaching and Assessing Historical Understanding* Londain, Historical Association,
eagrán leasaithe, 1993
- McBride, George (eag.) *Teaching History 8-13* Béal Feirste, Teachers' Centre,
Queen's University, 1979
- Morris, Susan *A Teacher's Guide to Using Portraits* Ruislip, English Heritage, 1989
- National Curriculum Council *History: Non-statutory Guidance* York, NCC, 1991
- National Curriculum Council *Implementing National Curriculum History* York, NCC, 1991
Key Stages 1 to 3: Teacher's Notes
- National Curriculum Council *Teaching History at Key Stage 1* York, NCC, 1993
- Noble, Paul *Primary History Today* Londain, Historical Association, 1992
- Northern Ireland Council for *Guidelines for Primary Schools: History* Béal Feirste, NICED, 1984
Educational Development
- Northern Ireland *History: Guidance Materials* Béal Feirste, NICC, 1991
Curriculum Council
- Pluckrose, Henry *Children Learning History* Hemel Hempstead, Simon and
Schuster, 1993
- Scottish Consultative *Environmental Studies 5-14 Exemplification: Dundee, SCCC*, 1996
Council on the Curriculum *Social Subjects: Understanding People in the Past*
- Scottish Office *Curriculum and Assessment in Scotland: National* Dún Éideann, HMSO, 1993
Education Department *Guidelines: Environmental Studies, 5-14*
- Simms, George Otto *Leabhar Cheanannais* An Gúm, Baile Átha Cliath

- Unwin, Robert *The Visual Dimension in the Study and Teaching of History* Londain, Historical Association, 1981

Cad iad na hacmhainní nó ábhair bhreise atá ag teastáil? Conas d'fhéadfadh an scoil pleanáil chun acmhainní breise a fháil??

TEC

Tig le teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide (TEC) cur go mór le múineadh agus le foghlaim na staire.

- Tig le páistí ríomhchláir láimhseála sonraí a úsáid le go leor taifead agus eolais a thaifeadadh agus a anailísiú. Mar shampla, d'fhéadfadh na páistí sonraí a iontráil faoi dhaltaí ar cuireadh a n-ainmneacha ar rolla na scoile in imeacht tréimhse áirithe.
- Cuireann cláir phróiseála focal agus cláir líníochta meán eile ar fáil don pháiste lena f(h)ionnachtana sa stair a chur in iúl. Tá sé éasca athdhréachtadh, eagarthóireacht agus ceartúcháin a dhéanamh ar ríomhaire, agus ar an gcaoi sin féadfaidh sé spreagadh a thabhairt don pháiste nach mbaineann an oiread sin sásaimh as gníomhaíochtaí scríbhneoireachta sa ghnáthshlí
- Leis na cláir seo, freisin, is féidir cáipéis a chur le chéile thar thréimhse fhada: mar shampla, d'fhéadfadh páistí línte ama a stóráil ar dhiosca ríomhaire agus ansin cur leo de réir mar a chríochnófaí aonaid oibre nua
- Bíonn teacht ag páistí ar raon níos mó fós foinsí má úsáideann siad an t-idirlíon.

Cad é an bogábhar cuí atá ar fáil sa scoil faoi láthair?

An bhfuil cód cleachtais ann chun úsáid shábháilte na hIdirlín a chinntiú? An gcaithfear crua-ábhar agus bogábhar cuí a chur isteach chun an tsábháilteacht seo a chinntiú? An dtéann múinteoirí i dtaithí ar ábhair ar an suíomh ar leith sula mbaineann na páistí úsáid as? An bhfuil monatóireacht leanúnach ar na suímh idirlín seo?

????????????????????????????

- Tá 'balla tine' ag an scoil faoi láthair a chuireann cosc ar roinnt suíomhanna idirlíne. Leis seo, ní bhíonn rochtain ag na páistí ar suíomhanna idirlíne nach chóir dóibh a fháil air.

11. Sláinte agus Sábháilteacht

Cad iad na saincheistean sláinte agus sábháilteachta atá bainteach le gníomhachtaí a ghabhann leis an gcuraclam Staire mar shampla ag láimhseáil lámhdhéantúsán, ag dul ar chosáin, cuairteanna ar mhúsaem, fothracha, suímh
sheandalaíochta.....

- Nuair a bhíonn obair phraiticiúil ar siúl ba cheart do mhúinteoirí ceann a thógáil de na himpleachtaí sábháilteachta a ghabhann le haon iniúchadh nó imscrúdú a bheadh le déanamh.
- Ní féidir gach aon bhaol timpiste a chur ar neamhní trí bheith cúramach, ach mar sin féin ba chóir go gcuirfí ar ceal aon chontúirtí ar féidir iad a sheachaint.
- Ba chóir go n-oibreodh páistí i ngrúpaí beaga faoi gharmhaoirseacht duine fhásta
- Ba chóir go dtarraingeofaí aird páistí agus daoine fásta ar shuímh criosanna sábhála agus fógraí ábháilteachta sa timpeallacht

12. Pleanáil agus Tuairisciú Múinteoirí Aonair

Conas a chuirfidh an plean scoile iomlán agus na cáipéisí curaclaim eolas agus treoir ar fáil do mhúinteoirí aonair maidir lena bpleanáil fad- agus gearr-théarmach?

An ndéanfaidh múinteoirí pleananna ag baint úsáide as na Snáitheanna agus na Snáithaonaid? Ag baint úsáide as cur chuige téamúil?

Cén aidhm a bheidh ag an gCuntas Míósúil ó thaobh athbhreithniú agus forbairt a dhéanamh ar an bplean scoile iomlán/ullmhúchán indibhidiúil do na blianta atá ag teacht? Conas mar is féidir é seo a eagrú??

13. Forbairt Foirne

Beidh deis ag na múinteoirí an plean scoile maidir le Stair a fheiceáil san oifig, más múinteoir nua thú, chun cabhrú leo leis an pleanáil fadtéarmach.

Beidh liosta ar fáil do gach múinteoir anseo sa plean scoile de na leabhair a bheadh go maith sa mhúineadh den Stair agus na suíomhanna idirlíne a bheadh úsáideach sa seomra ranga staire.

An bhfuil teacht ag múinteoirí ar leabhair thagartha, ábhair acmhainní, agus suímh idirlín atá bainteach le Stair? Cé a bhí freagrach as na hacmhainní seo a choinneáil go dtí seo?

An ndéanann pearsanra na scoile taighde ar chur chuige agus modheolaíochtaí nua? An bhfaigheann siad deiseanna chun acmhainní a thriail ar bhonn píolótaigh, agus chun measúnú a dhéanamh pé acu is ceart iad a cheannach nó nach ceart?

14. Ról na dTuismitheoirí

Tá ról na dtuismitheoirí agus seantuismitheoirí an-tabhachtach. Is féidir leo a taithí a úsáid chun cabhair a thabhairt don múinteoir ranga. Mar shampla, sa snáith Mise agu mo mhuintir, is féidir leo eolas a thabhairt don pháiste ar an saol a bhí acu ar scoil, nó nuair a bhí siad ag fás aníos agus beidh an páiste in ann comparáid a dhéanamh lena s(h) aol féin. Chomh maith leis seo, bheadh sé an-úsáideach dá mbeadh tuismitheoir nó seantuismitheoir in ann teacht isteach chuig an seomra ranga agus caint a thabhairt don rang ar an eolas atá acu faoi ábhair éigin.

Tá ról lárnach ag an tuismitheoir freisin leis an slí gur féidir leo cabhair a thabhairt don pháiste eolas a cuardú maidir le obair bhaile staire- éadaí a bhí acu nuair a bhí siad an-óg mar shampla.

Nuair a théann an rang ar turas scoile staire, tá cabhair an tusmitheora an-tábhachtach ionas go mbeidh go leor daoine fásta ag dul leis an rang ar an turas.

15. Rannpháirtíocht an Phobail
An bhfuil baill de chumann staire áitiúla/daoine aonair sa phobal a fhéadfadh tacú le curaclam Staire na scoile
An ndéantar naisc le seirbhísí áitiúla chun teacht ar acmhainní mar shampla raidió áitiúil agus nuachtáin?
An féidir na páistí a thabhairt go hionaid áitiúla spéisiúla mar chuid den churaclam Staire?
An mbaintear úsáid as ríomh-phost chun teagmháil a dhéanamh le scoileanna, grúpaí, músaem eile?
??

16. Áiteanna Stairiúla

Tá áiteanna cosúil le Cnoc Teamhair, Brú na Bóinne ar fáil i gCo na Mí. Tá go leor eaglaisí speisialta le fáil freisin timpeall an chontae a bheadh an-suimiúil chun na páistí a thógáil ar turas chuig. Chomh maith leis seo, tá áiteanna stairiúla eile cosúil le reilig ón Gorta Mór le fáil i Domhnach Seachnall, atá 10-15 nóiméad ón scoil. Níl cathair Baile Átha Cliath i bhfad ón scoil, ina bhfuil go leor iarsmalainne ar fáil don scoil.

An gcuirtear áiteanna atá spéisiúil ó thaobh na Staire de san áireamh i dTuais Scoile?
An eagraítear turais pháirce agus loirg chun tacú le múineadh Stair áitiúil agus náisiúnta?
????????????????????????????????

■ Critéir Rathúlachta *(lena ndéanfar an polasaí a mheas)*

Conas a bheidh a fhios againn go bhfuil an plean curtha i bhfeidhm?
Ullmhúcháin mhúinteoirí bunaithe ar an bplean
An cleachtas atá leagtha amach sa phlean seo á leanúint go seasta
Eile

Conas a bheidh a fhios againn go bhfuil aidhmeanna an phlean bainte amach? (Téigh i gcomhairle le hAidhmeanna)
I measc na slite atá ann chun torthaí an phlean a mheas, áirítear
Aiseolas múinteora/tuismitheora
Aiseolas na bpáistí
Tuarascáil/moltaí an chigire
Aiseolas dara-leibhéal
Eile

Go ndéantar sainmhíniú ar an Stair mar iarracht chun an t-am atá thart a aththógáil agus a mhíniú in áit an ama atá thart é féin
Go bhfuil cothromaíocht ann idir an próiseas (cén chaoi a bhfoghlaímíonn an páiste) agus ábhar (céard a fhoghlaímíonn an páiste)

Go gcaithfidh an páiste scileanna agus coincheapa a fháil chun dul i mbun oibre go héifeachtach mar Stairí óg
Go bhfuil struchtúr bíse agus forbarthach ag an gcuraclam
Go dtéann an páiste i ngleic le staidéar, a bhfuil raon acu ó, stair phearsanta go stair áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta
Go mbíonn Stair fite fuaite sa churaclam ó Naíonáin go dtí Rang a Sé.

????????????????????????????

■ **Feidhmiú**

(a) Rólanna agus freagrachtaí
Rinne Adrian Ó Dúill dreachtú ar an plean scoile le haghaidh Stair. Tháinig an foireann le chéile agus bhí plé déanta ar an dréacht. Bhí athruithe déanta leis an bplean scoile ansin, agus bhí na hathruithe seo curtha isteach sa dhréacht nua. Bhí plé déanta ar an dréacht nua I gcruinniú foirne, agus glactar leis an plean scoile staire ina dhiaidh sin.
Beidh monatóireacht déanta ar an bplean scoile go rialta.

(b) Clár Ama
Bhí an chéad dréacht plean scoile staire curtha ós conhair an foireann scoile ar _____.
Bhí an chéad dréacht plean scoile staire curtha ós conhair an bord bainistíochta ar _____.
Bhí an dara dréacht plean scoile staire curtha ós conhair an foireann scoile ar _____.
Glactar leis an bplean scoile staire ar an _____.
Déanfar monatóireacht ar an bplean go rialta.

■ **Athbhreithniú**

(a) Rólanna agus freagrachtaí
Ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar an bplean seo ar bhonn rialta chun a chinntiú go gcuirtear an curaclam Staire i bhfeidhm.

Luaigh iad siúd a bheidh bainteach leis an athbhreithniú
Múinteoirí
Daltaí
Tuismitheoirí
Sealbhóirí Post /comhordaitheoir plean
BB/ROE/Daoine eile.
Tá sé tábhachtach go mbeadh freagracht ag duine amháin ar a laghad, má's féidir, as an athbhreithniú a chomhordú.

????????????????????????????

(b) Creatlach Ama
????????????????

■ Daingniú agus Cumarsáid

Daingniú an Bhoird Bhainistíochta:

Rannóg Thagartha

- Curaclam Bunscoile. Your Child's Learning: Guidelines for Parents (*ar fáil ar láithreán gréasáin an CNCM/NCCA*)
- Curaclam Bunscoile: Stair (1999)

Suímh Idirlín Úsáideacha

Foinsí Stair Áitiúil

Na Cartlanna Náisiúnta

www.nationalarchives.ie

An Músaem Náisiúnta

www.museum.ie

Leabharlann Náisiúnta na

www.nli.ie

hÉireann

An Chomhairle Oidhreacht

www.heritagecouncil.ie

An Chomhairle Leabharlanna

www.askaboutireland.ie

Suímh Idirlín Eile

Clár Tacaíochta don Churaclam Bunscoile

www.pcsp.ie

Seirbhís Pleanála Forbartha Scoile

www.sdps.ie

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus

www.ncca.ie

Measúnachta

ENFO

www.enfo.ie

TeachNet Ireland

www.teachnet.ie

Scoilnet

www.scoilnet.ie

Cumann Múinteoirí na hÉireann

www.into.ie